Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0207

Iarraidh ar dhíolúine Klára Dobrev a tharscaoileadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Deireadh Fómhair 2025 ar an iarraidh ar dhíolúine Klára Dobrev a tharscaoileadh (2024/2042(IMM))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don iarraidh ar tharscaoileadh dhíolúine Klára Dobrev, a thíolaic Cúirt Dúiche Bhúdaipeist II agus III an 29 Lúnasa 2024 i dtaca le himeachtaí coiriúla a tionscnaíodh ina coinne trí thairiscint phríobháideach , agus a fógraíodh sa Pharlaimint an 16 Meán Fómhair 2024,

– tar éis di éisteacht a thabhairt do Klára Dobrev an 29 Eanáir 2025 i gcomhréir le Riail 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint d’Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d’Airteagal 6(2) d’Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

– ag féachaint d’Airteagal 4(2) de Dhlí Bunúsach na hUngáire,

– ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013, 19 Nollaig 2019 agus an

5 Iúil 2023[1],

– ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0184/2025),

A. de bhrí, an 29 Lúnasa 2024, gur thíolaic Cúirt Dúiche Bhúdaipeist II agus III iarraidh ar tharscaoileadh dhíolúine pharlaiminteach Klára Dobrev, Feisire de Pharlaimint na hEorpa a toghadh san Ungáir, i gcomhthéacs na n-imeachtaí coiriúla mar gheall ar chlúmhilleadh a thionscain páirtí ionchúisimh príobháidigh ina coinne;

B. de bhrí, de réir na tairisceana príobháidí, an 22 Feabhra 2024, gur phostáil Klára Dobrev grianghraf ar na meáin shóisialta inar taispeánadh inscríbhinn do Phríomh-Aire na hUngáire agus don pháirtí ionchúisimh príobháideach inar dearbhaíodh go raibh an páirtí ionchúisimh príobháidigh ‘ciontach freisin i scannal péidifileach’ a bhí ar siúl san Ungáir an tráth sin;

C. de bhrí, tríd an ngrianghraf a phostáil, go líomhnaítear go ndearna Klára Dobrev cion an chlúmhillte go poiblí de bhun Airteagal 226(1) agus Airteagal 226(2)(b) d’Acht C 2012 maidir le Cód Coiriúil na hUngáire; de bhrí, de bhun Airteagal 231(2) de Chód Coiriúil na hUngáire, nach bhféadfar an cion sin a phionósú ach amháin i gcomhthéacs tairiscint phríobháideach;

D. de bhrí gur toghadh Klára Dobrev chun na Parlaiminte i dtoghcháin Eorpacha 2019 agus go raibh sí ina Feisire de Pharlaimint na hEorpa tráth an chiona líomhnaithe;

E. de bhrí gurb é is cuspóir do dhíolúine dá bhforáiltear i bPrótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh ná Parlaimint na hEorpa agus a Feisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar agus dualgais pharlaiminteacha á gcomhlíonadh agus ar gníomhaíochtaí iad nach féidir a scaradh ó na dualgais sin;

---

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra* v *De Gregorio agus Clemente*, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch* v *an Pharlaimint*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C-163/10, ECLI: EU:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch* v *an Pharlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115. breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 5 Iúil 2023, *Puigdemont i Casamajó agus Páirtithe eile* v *an Pharlaimint*, T-272/21, ECLI:EU:T:2023:373.

F. de bhrí, de bhun Riail 5(2) dá Rialacha Nós Imeachta, agus a cumhachtaí maidir le pribhléidí agus díolúintí á bhfeidhmiú aici, go ngníomhaíonn an Pharlaimint chun a hiomláine mar thionól reachtach daonlathach a chaomhnú agus chun neamhspleáchas a Feisirí a áirithiú le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh;

G. de bhrí go bhforáiltear in Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh nach bhfuil Feisirí Pharlaimint na hEorpa inchurtha faoi aon saghas fiosrúcháin, coinneála ná imeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a thug siad nó vótaí a chaith siad ag comhlíonadh a ndualgas dóibh;

H. de bhrí nach ionann an cion líomhnaithe, agus nach bhfuil baint ag an iarraidh dá éis sin ar dhíolúine Klára Dobrev a tharscaoileadh, le tuairim a thug Klára Dobrev ná le vóta a chaith sí agus a dualgais á gcomhlíonadh aici de réir bhrí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

I. de bhrí go sonraítear i bhfomhír 1(a) d'Airteagal 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh go dteachtann Feisirí Pharlaimint na hEorpa, i gcríoch a Stáit féin, na díolúintí a thugtar d'fheisirí pharlaimint na tíre sin;

J. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 4(2) de Dhlí Bunúsach na hUngáire go dteachtann comhaltaí de Pharlaimint na hUngáire díolúine pharlaiminteach; de bhrí, de bhun Roinn 74(1) d'Acht Uimh. XXXVI 2012 maidir leis an Tionól Náisiúnta, nach bhféadfar imeachtaí coiriúla nó, i gcás nach dtarscaoiltear díolúine go deonach i leith an ábhair atá i gceist, imeachtaí sáraithe a thionscnamh nó a shaothrú agus nach bhféadfar bearta comhéigneacha faoin nós imeachta coiriúla a chur i bhfeidhm i gcoinne Feisire ach amháin le toiliú roimh ré ón Tionól Náisiúnta;

K. de réir go leanann sé ó chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil rogha leathan ag an bParlaimint 'nuair a chinntear iarraidh ar tharscaoileadh díolúine a dheonú nó diúltú di (...), de bharr cineál polaitúil cinnidh den sórt sin'[1];

L. de bhrí go meastar gur freasúra glórach agus cáinteoir ar Rialtas na hUngáire í Klára Dobrev; de bhrí gur deirfiúr iar-Uachtarán na hUngáire í an páirtí ionchúisimh príobháideach chomh maith, atá ina comhalta den pháirtí polaitiúil atá i gceannas; de bhrí gur féidir a thuiscint, dá bhrí sin, go bhfuil an páirtí ionchúisimh príobháideach nasctha leis na ciorcail is dlúithe d'údaráis pholaitiúla rialaithe na hUngáire;

M. de bhrí go ndealraíonn sé gur féidir éilimh chlúmhillte faoi dhlí na

---

Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, Gollnisch v an Pharlaimint, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23, mír 59 agus an cásdlí a luaitear.

hUngáire a shaothrú ar bhonn an dlí choiriúil agus ar bhonn an dlí shibhialta araon, agus difríochtaí suaithinseacha sna hiarmhairtí dlíthiúla comhfhreagracha féideartha, lena n-áirítear an phríosúnacht; de bhrí, sa chás seo, go gcuireann an rogha chun caingean choiriúil a thionscnamh amhras ar an gcuspóir díobháil iarbhír do chlú a cheartú agus, mar sin, go bhféadfaí go sáródh aidhm na caingne an cuspóir dlisteanach sin agus is é atá ann dochar a dhéanamh do chlú Klára Dobrev mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;

N. de bhrí, tráth na bhfíoras as a n-eascraíonn an iarraidh ar tharscaoileadh a díolúine parlaimintí, go raibh Klára Dobrev ina comhalta de Choiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile a dhéileálann go rialta le nithe an dlí choiriúil, lena n-áirítear cosaint leanaí agus cionta gaolmhara amhail péidophilia, agus de bhrí go raibh seasamh polaitiúil á ghlacadh ag Klára Dobrev ina gníomhaíocht mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus gur labhair sí amach go rialta i gcoinne údaráis pholaitiúla a tíre;

O. de bhrí go ndealraíonn sé, dá bhrí sin, gur cás é sin inar féidir glacadh leis gurb ann do chás *fumus persecutionis*, i.e. ‘fianaise nithiúil’[1] ina léirítear gur tionscnaíodh na himeachtaí dlíthiúla le hintinn an bonn a bhaint ó ghníomhaíocht pholaitiúil Klára Dobrev trí tharscaoileadh díolúine a iarraidh;

P. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir[2];

1. á chinneadh gan díolúine Klára Dobrev a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údarás inniúil na hUngáire agus chuig Klára Dobrev.

---

1 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Meán Fómhair 2020, Troszczynski v an Pharlaimint, C-12/19, ECLI:EU:C:2020:725, mír 26.

2 Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois* v *an Pharlaimint*, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266;